



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

An tAcht Rialtas Áitiúil 2001

arna leasú leis an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014

Cód Iompair do Chomhairleoirí

Ullmhaithe ag An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

tithocht.gov.ie

Clár na nÁbhar

1. Réamhrá.....	2
2. Iompar agus iompraíocht ghinearálta	4
3. Cruinnithe údaráis áitiúil agus caidreamh sásúil oibre	5
4. Coinbhleacht leasa phearsanta agus phoiblí	7
5. Pleanáil.....	10
6. Brústocaireacht.....	11
7. Bronntanais	12
8. Fáilteachas	13
9. Na meáin shóisialta agus úsáid threalamh na Comhairle	14
10. RGCS	16
11. Gnóthaí pearsanta leis an údarás áitiúil	17
12. Meas ar acmhainní na Comhairle.....	18
13. Sáruithe	19
14. Ginearálta	20

Cuspóir an Chóid

Is é seo a leanas is cuspóir leis an gCód seo:

- Leagtar amach leis na prionsabail agus na caighdeáin maidir le hiompar, meas, dínit, comhionannas agus ionracas do chomhairleoirí, agus a bhfeidhmeanna á ndéanamh acu agus ina gcaidreamh lena chéile, le fostaithe na Comhairle agus leis an bpobal.
- An t-iompar ba cheart don phobal bheith ag súil leis óna ionadaithe tofa a chur in iúl dóibh.
- Seasamh le muinín an phobal as an rialtas áitiúil.

Cúlra Reachtach

An tAcht Rialtas Áitiúil 2001,
arna leasú leis an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014

- Cuid 15 – Creat Eiticiúil le haghaidh na Seirbhíse Rialtais Áitiúil

Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001

An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas 2005

An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil 2015

1. Réamhrá

- 1.1 Tá an pobal i dteideal bheith ag súil le hiompar ardchaighdeán ó gach duine atá bainteach leis an tseirbhís rialtais áitiúil bídís ina gcomhairleoirí, ina bpríomhfheidhmeannaigh chontae/chathrach, fostaithe údaráis áitiúil nó comhaltaí neamhchomhairle (“comhaltaí seachtracha”) de chuid coistí na n-údarás áitiúil. San Acht Rialtas Áitiúil 2001 (“Acht 2001”) leagtar amach creat eiticíúil agus leis sin forchuireadh dualgas reachtúil ar gach duine sa tseirbhís rialtais áitiúil chun caighdeán ionmhuais, ionpair agus cúraim a choimeád ar mhaithe leis an bpobal.
- 1.2 Tá traidisiún fada ag an rialtas áitiúil d’ionracas agus seirbhís neamhchlaonta dá bpobail. Tá na príomhphrionsabail lena gcuirtear taca faoi rialtas áitiúil daonlathach bunaithe ar chomhairleoirí a bheith ag gníomhú go macánta go cóir agus go neamhchlaonta don leas coiteann agus leas an phobail a chur chun cinn. Eisíodh an Cód faoi Alt 169 d’Acht 2001 chun na prionsabail sin a chur chun cinn agus chun seasamh le muinín an phobail - ionas go bhfeicfead go bhfuil na comhairleoirí ar fad ag gníomhú ar mhaithe leis an bpobal amháin agus de réir an dlí. Dá réir sin, ba cheart an Cód a léamh sa mheon sin i gcónaí agus ní ar bhealach roghnaitheach nó ar bhealach sriantach atá contrártha lena rún.
- 1.3 Tá an Cód forlíonta le cód ar leith a bhfuil feidhm aige maidir le fostaithe na n-údarás áitiúil Caighdeán is ea na cóid sin le chéile ar féidir iompar gach duine atá bainteach leis an rialtas áitiúil a mheas ina éadan i bhfeidhmíocht a ndualgas. Tá siad beartaithe chun an pobal a chur ar an eolas faoi na caighdeáin ionpair a bhfuil sé de cheart acu bheith ag súil leo agus chun cuidiú le hiontaoibh agus muinín an pobail a choimeád agus a threisiú. Cuireann siad leis na ceanglais shonracha faoi Acht 2001 agus forlíontar iad leo agus is cuid dhílis iad den chreat eiticíúil
- 1.4 Tá leas comhchoiteann ag comhairleoirí agus fostaithe le chéile chun obair i gcomhar lena chéile ar mhaithe leis an bpobal dá bhfónann siad. Ní mór go mbeadh meas agus feasacht shoiléir ann maidir leis na ról éagsúla a chomhlíonann Comhairleoirí agus fostaithe. Tá sainordú ag na Comhairleoirí beartas a dhéanamh agus ionadaíocht a dhéanamh ar son an

phobail. Tá dualgas ag fostaithe beartas na Comhairle a riar faoi réir srianta reachtaíochta, rialacháin agus acmhainní.

- 1.5 Feidhmíonn comhairleoirí a sainordú go príomha i seomra na Comhairle i gcás go bhfuil siad i dteideal ionadaíocht a dhéanamh i leith ceisteanna – go láidir más gá – ar son an phobail a ndéanann siad ionadaíocht ar a son. Ní dhíolmhaítear comhairleoirí ó chaitheamh le comhairleoirí eile le meas agus le dínit leis an sainordú a thugann na toghthóirí. Áirítear ar luach an chaithimh mheasúil sin tráchtanna laistigh agus lasmuigh de Sheomra na Comhairle, bíodh sé ina óráid dhíreach i scríbhinn nó ar na meáin shóisialta. Ceanglaítear le ról na gcomhaltaí tofa go stiúrfaidh siad a ngnóthaí le comhairleoirí agus fostaithe eile, arb í an Chomhairle a n-áit oibre, le meas agus le dínit.



2. Iompar agus iompraíocht ghinearálta

2.1 Mar shealbhóirí oifige tofa, tá sé d'oibleagáid ar chomhairleoirí fanacht dílis do mhuintir an phobail a chuirtear iontu. Tá croíluachanna amhail ionracas, neamhchlaontacht agus meas bunriachtanach do thuiscint an phobail ar fheidhmíocht an rialtais áitiúil. Lena chois sin, ceanglaítear leo ar chomhairleoirí cloí leis na caighdeáin eiticiúla is airde agus a róil a gcur i gcrích acu. Leis na luachanna sin ba cheart go gcuirfí taca faoi ghníomhaíochtaí uile na gcomhairleoirí ionas gur féidir leanúint le hardleibhéal mhuintir an phobail a choimeád.



2.2 Ba cheart do chomhairleoirí cloí leis an gCód seo agus: -

- Gníomhú le hionracas chun seasamh le luachanna na seirbhíse poiblí;
- Gníomhú ar bhealach lena dtreisiítear iontaoibh agus muintir an phobail;
- Fónamh dá n-údarás áitiúil agus dá shaoránaigh ar bhealach ionraic, díograiseach agus neamhchlaonta;
- Gan ligean do choinbhleachtaí leasa teacht chun cinn agus gan féachaint choíche le tionchar míchuí a úsáid;
- Comhionannas a chur chun cinn agus claontacht a sheachaint;
- Caitheamh lena gcomhghleacaithe agus fostaithe údaráis áitiúil le cúirtéis, meas agus dínit;
- Ba cheart cloí le cúirtéis agus meas chomh maith agus na meáin shóisialta, feidhmchláir cur teachtaireachtaí agus cumarsáidí i scríbhinn á n-úsáid.

2.3 Go ginearálta, ba cheart do chomhairleoirí i ngach ní féachaint lena chinntiú nach dtarraingeoidh a n-iompar míchlú ar ionracas a n-oifige nó an rialtais áitiúil

3. Cruinnithe údaráis áitiúil agus caidreamh sásúil oibre

- 3.1 Déantar foráil in Acht 2001 gur cheart do na húdaráis áitiúla cruinnithe an údaráis agus a choistí a eagrú ar bhealach go bhfeidhmíonn siad chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht a chur chun cinn i gcomhlíonadh gnó. Ba cheart cruinnithe a stiúradh ar bhealach gairmiúil agus cumasach agus ar bhealach a sheasfadh grinnscrúdú poiblí oibiachtúil: ba cheart go dtreorófaí gach duine lena mbaineann leis an gcritéar sin. Ní mór do chomhairleoirí caitheamh lena gcomhghleacaithe agus fostaithe le cúirtéis agus le meas agus umhal do rialú a gcathaoirligh agus buanorduithe.
- 3.2 Má mheastar, dar leis an gcathaoirleach, go bhfuil iompar comhairleora mí-ordúil féadfaidh an cathaoirleach mar sin a mholadh don chomhairleoir lena mbaineann an cruinniú fhágáil agus cuirfear an rún, má aontaítear leis sin, i láthair agus cinnfear é gan aon phlé. Foráiltear i Sceideal 10 d'Acht 2001, arna leasú le hAcht 2014, go bhféadfar smachtbhannaí a chur i bhfeidhm in éadan comhairleora a dhiúltaíonn cruinniú a fhágáil i ndiaidh rún dá leithéid a rith agus go gcaithfear an cruinniú sin a chur ar atráth ansin mar gheall ar a dhiúltú¹.



¹ Mír 13, Sceideal 10 den Acht Rialtais Áitiúil 2001, arna cur isteach le hAlt 57 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014

- 3.3 Is faoin chomhairleoir aonair a bheidh cibé tuairim a bheidh aige nó aici a chinneadh maidir le ceisteanna atá le cinneadh ag an gcomhairle thofa. Ag teacht ar chinntí dóibh, ba cheart do chomhairleoirí cad atá ábhartha a chur san áireamh, aird a thabhairt ar chomhairle a tugadh dóibh, agus cloí leis na ceanglais dhlíthiúla ábhartha.
- 3.4 Beidh comhairleoirí freagrach do na toghthóirí ar feadh a dtéarma oifige tofa. Tá fostaithe freagrach don Phríomhfheidhmeannach maidir lena ndualgais a chomhlíonadh. Tá cóimheas agus cúirtéis idir comhairleoirí agus fostaithe riachtanach do dea-rialtas áitiúil agus ba cheart iad a choimeád i gcónaí.
- 3.5 Tá freagracht ar na comhairleoirí bheith ar an eolas faoin oibleagáid reachtúil atá ar údaráis áitiúla cosc a chur le hiompar míchuí ar bith san áit oibre ar dócha go gcuirfeadh sé sábháilteacht, sláinte agus leas daoine eile i mbaol, lena n-áirítear iompar bulaíochta agus ciaptha.
- 3.6 Ba cheart do chomhairleoirí cleachtadh a fháil ar bheartas a n-údaráis áitiúil maidir le *Dínit ag an Obair* (nó beartas coibhéiseach) lena gcuirtear chun cinn meas, dínit, sábháilteacht agus comhionannas san áit oibre) agus féachaint leo féin a iompar i gcomhréir le prionsabail an bheartais sin.
- 3.7 Toisc go bhféadfadh comhairleoirí bheith ina bhfostaithe rialtais áitiúil, nó ina bhfostaithe comhlachtaí poiblí eile chomh maith, tá ualach speisialta orthu a chinntiú go gcoinneofar na ról siad ar leith agus ar leithligh i gcónaí, agus a chinntiú nach dtuigtear go dtugtar buntáistí breise dóibh ina ról mar chomhairleoirí de bharr a bhfostaíochta nó a mhalairt.

4. Coinbhleacht leasa phearsanta agus phoiblí

- 4.1 Cuirtear toirmeasc le hAcht 2001 ar chomhairleoir tionchar a bheith aige nó aice nó féachaint le tionchar a bheith aige nó aici ar chinneadh údaráis áitiúil in ábhar ar bith lena mbeadh an t-údarás áitiúil bainteach maidir le feidhmíocht a fheidhmeanna agus i gcás, nó i ndáil le cás, go bhfuil eolas iarbhír ag an gcomhairleoir nó go bhfuil leas airgid nó leas tairbhiúil eile aige nó aice nó ag duine bainteach.
- 4.2 Leagtar amach in Acht 2001 ceanglais shonracha maidir le dearbhú/nochtadh leasanna ag comhairleoirí. Ní mór do gach comhairleoir agus gach fostaí dearbhú bliantúil a chomhlánú agus a thabhairt don Chláraitheoir Eitice ina leagfar amach leasanna is gá a fhógairt a choinnítear i gclár poiblí. Soláthraíonn an Cláraitheoir Eitice na foirmeacha um dhearbhú bliantúil. Baineann leasanna is gá a fhógairt go príomha le cúrsaí airgeadais/ réadmhaoine/ gnó arna leagan amach in Acht 2001.
- 4.3 Tá Oifigí Fiontar Áitiúil (OFÁna) ina gcuid den chóras rialtais áitiúil. I gcás go mbíonn comhairleoir i mbun gníomhaíochtaí seachtracha, lena n-áirítear conarthaí, le OFÁ ní mór é sin a fhógairt chomh maith.
- 4.4 Lena chois sin, faoi Acht 2001 ní mór do chomhairleoirí a nochtadh ag cruinniú an údaráis áitiúil nó dá choistí leas airgid nó leas tairbhiúil ar bith eile, (a bhfuil eolas iarbhír acu faoi), atá acu nó atá ag duine bainteach in ábhar ar bith, nó a bhaineann le hábhar ar bith, lena bhfuil an t-údarás áitiúil bainteach i gcomhlíonadh a fheidhmeanna, agus a chuirtear i láthair an chruinnithe. Ní mór don chomhairleoir éirí as an gcruinniú i ndiaidh an nochtadh agus ní chaithfidh sé nó sí vóta nó ní ghlacfaidh sé nó sí páirt i bplé nó i gcinneadh ar bith faoin ábhar nó ní fhéachfaidh sé nó sí tionchar a bheith aige nó aici i ngné ar bith eile i gcinnteoireacht na Comhairle.
- 4.5 Foráiltear in Acht 2001 chomh maith i gcás go bhfuil eolas iarbhír ag comhairleoir go mbeidh ábhar ag teacht chun cinn ag cruinniú nach mbeidh sé/sí aige, ach dá mbeadh sé/sí aige, go mbeadh gá le nochtadh a dhéanamh, mar sin, ní mór dó/di nochtadh dá leithéid a dhéanamh i scríbhinn chuig an gCláraitheoir Eitice roimh an gcruinniú.

- 4.6 Ní mór cloí leis na ceanglais reachtúil thuasluaite i gcónaí, agus is cion é faoi Alt 181 d’Acht 2001 mura ndéantar amhlaidh. Tá ceanglais reachtúla den chineál céanna i bhfeidhm chomh maith maidir le fostaithe, agus maidir le comhaltaí seachtracha coistí, seachas an dearbhú bliantúla ina gcás.
- 4.7 Leagtar amach sa dlí mar a luadh thuas creat maidir le nochtadh ar a dtugtar ‘leasanna airgid nó leasanna tairbhiúla eile’. Mar sin féin, d’fhéadfadh leasanna príobháideacha nó pearsanta eile a bheith i gceist (ní gá go mbainfeadh siad le cúrsaí airgeadais) a bhféadfadh fíorchoinbhleacht leasa nó damáiste do mhuinín an phobail sa rialtais áitiúil a bheith mar thoradh orthu. D’fhéadfadh teaghlach, dlúthchairde nó comhghleacaithe a bheith i gceist leis na leasanna sin, chomh maith leo siúd a thagann as post freagrachta i gclub, i gcumann nó in eagraíocht eile. Níor cheart go dtiocfadh leasanna príobháideacha nó pearsanta den sórt sin salach ar dhualgas poiblí nó tionchar míchuí a bheith acu sa phróiseas cinnteoireachta. I gcás go dtagann leasanna den sórt sin, arb eol don chomhairleoir fúthu, chun cinn maidir le hábhar a chuirtear i láthair cruinnithe lena bhreithniú ba cheart déileáil leo ar bhealach trédhearcach. Tá gá leis sin ionas go seasfar le hiontaoibh agus muinín an phobail sa rialtas áitiúil – tá nochtadh leasa den sórt sin cuí i gcónaí ach amháin i gcás gur cineál cianda nó neamhshuntasach é; má tá amhras ar bith ann ba cheart nochtadh a dhéanamh.



- 4.8 Ní hionann an tástáil a chuirfidh comhairleoir i bhfeidhm agus an rud a cheapadh sé/sí díreach – ach seachas sin cibé acu an gceapadh ball den phobal le réasún agus fíricí an cháis ar eolas aige/aici go bhféadfadh an leas lena mbaineann tionchar a bheith aige ar an duine i bhfeidhmiú a fheidhmeanna nó a feidhmeanna. Más amhlaidh, ba cheart nochtadh a dhéanamh ina dhiaidh sin, agus ba cheart do chomhairleoir breathnú ar cibé ar cheart dó/di éirí as breithniú an ábhair sna cúinsí. Sa chomhthéacs sin tá sé tábhachtach a chinntiú, chomh maith le hiompar míchuí iarbhír a sheachaint, go déanfar cásanna amhrais agus cuma iompair mhíchuí a sheachaint chomh maith i gcás leasanna príobháideacha nó pearsanta. Tá tuiscint an phobail ar an dóigh a ndéileálann comhairleoir le hábhair dá leithéid tábhachtach chun iontaoibh an phobail sa rialtas áitiúil a choimeád.
- 4.9 Tá sé sin níos ábhartha i gcás go bhfuil cineál ceirde, gairme nó gnó comhairleora a mhéid go n-idirphléann sé go méid suntasach le feidhmeanna údaráis áitiúil (e.g. a bhaineann le forbairt talún nó idirbhearta réadmhaoine). Tá freagracht speisialta ar na comhairleoirí sin an deighilt idir leasanna pearsanta gnó agus a ról mar chomhalta tofa den údarás áitiúil a léiriú go soiléir.
- 4.10 Ní fhéachfaidh comhairleoirí lena bpost oifigiúil a úsáid chun buntáiste míchuí a thabhairt dóibh féin, dá ngairm nó dá leasanna gnó, le daoine eile a bhfuil gaol pearsanta, teaghlach nó eile acu leo. Mar an gcéanna, ní fhéachfaidh siad le faisnéis oifigiúil nach bhfuil san fhearann poiblí, nó faisnéis a fuarthas faoi rún mar thoradh ar a bpost poiblí, a úsáid nó a chur ar aghaidh i gcomhair luaíocht phearsanta daoine eile.
- 4.11 Foráiltear in Acht 2001 gurb é dualgas gach comhairleora (agus fostaí) caighdeáin iomchuí ionracais, iompair agus cúraim a choimeád ar mhaithe leis an bpobal. Ba cheart do chomhairleoirí a n-iompar a bhunú ar bhreithniú maidir le leas an phobail agus an leas coiteann. Tá siad freagrach astú féin as a bheith airdeallach faoi choinbhleacht leasa féideartha, as na coinbhleachtaí sin a sheachaint agus as a chinntiú go mbeidh a ngníomhaíochtaí, cibé an bhfuil siad clúdaithe sa Chód seo nó ar shlí eile, leis na breithnithe eiticíúla agus breithnithe eile atá intuigthe as.

5. Pleanáil

- 5.1 Déantar príomhchinntí maidir le cúrsaí pleanála amhail pleananna forbartha a dhéanamh a dhílsiú sa chomhairle thofa mar ionadaithe den phobal áitiúil ag gníomhú ar mhaithe leis an leas coiteann agus pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair. Córas an-oscailte is ea an córas pleanála inar féidir leis na páirtithe eile ionchur a dhéanamh. Tá sé níos tábhachtaí fiú dá réir sin go ndéanfar breithniú na gcomhairleoirí maidir le cúrsaí pleanála ar bhealach trédhearcach, go gcloíonn sé le próiseas cuí, agus go mbeidh sé bunaithe ar cad atá ábhartha agus neamhaird á déanamh de na rudaí nach bhfuil ábhartha laistigh de cheanglais an chreata um pleanáil reachtúil. Tá feidhm aice sin chomh maith maidir le hionchur ó chomhairleoirí aonair i ndáil le hiarratais ar phleanáil, cinntí a ndílsítear san fheidhmeannach. Dá réir sin, ní mór a bheith an-chúramach ag déileáil le cúrsaí pleanála ionas nach ndéanfar dochar don phróiseas reachtúil.
- 5.2 Lena chois sin, ba cheart do chomhairleoirí a bheith ar an eolas faoi ról an Rialtóra Pleanála (a bunaíodh i ndiaidh bhreithniú an Rialtais ar an *Tuarascáil Deiridh ar an mBinse maidir le Cúrsaí Áirithe Pleanála agus Íocaíochtaí*) a bhfuil an chumhacht aige chun measúnú neamhspleách a dhéanamh ar réamhphleanáil gach údaráis áitiúil, lena n-áirítear cinntí criosaithe, agus chun athbhreithniú a dhéanamh chomh maith ar nósanna imeachta údarás pleanála lena n-áirítear rioscaí éillitheachta. Sa chomhthéacs sin, tá forálacha an Chóid seo, go háirithe maidir le coinbhleacht leasanna pearsanta agus poiblí agus comhlíonadh ceanglas dlíthiúil ábhartha (féach Alt 4), an-ábhartha



6. Brústocaireacht

- 6.1 Oifigigh phoiblí ainmnithe (OPA) is ea iad comhairleoirí i gcomhréir leis an Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015. Ba cheart do chomhairleoirí a bheith réamhghníomhach maidir le comhairle a thabhairt do bhrústocairí féideartha gur OPA é/í agus iad ag freastal ar chruinniú, ag glacadh páirt i nglao comhdhála, etc. chun cuidiú le daoine a ndéanann cumarsáid leis/léi a n-oibleagáidí a thuiscint agus cloí leo.
- 6.2 Is ionann cumarsáid le OPA maidir le criosú nó forbairt lasmuigh de na gnáthphróisis iarratais nó comhairliúcháin phoiblí agus brústocaireacht i gcomhréir leis an Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015. Ní mór don duine a bheith cumarsáid á déanamh aige/aici le Comhairleoir clárú agus tuairisceáin maidir lena ngníomhaíocht bhrústocaireachta a chur isteach. Is faoin daoine a beidh i mbun brústocaireachta atá sé clárú agus tuairisceáin a chur isteach, agus ní faoin gComhairleoir.
- 6.3 D'fhéadfadh cumarsáid maidir le hábhair eile idir comhairleoirí agus grúpaí leasa, comhlachtaí ionadaíocha, an tionscal, ENRanna, carthanais, brústocairí gairmiúla, etc. a bheith i gceist le brústocaireacht chomh maith.
- 6.4 Ba cheart do chomhairleoirí aird a thabhairt ar an Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015. Moltar go gcuirfeadh siad eolas ar an Acht sin, ar Chód Iompair an Choimisiúin um Chaighdeáin do dhaoine a bhíonn i mbun gníomhaíochtaí brústocaireachta agus *Treoir shaincheaptha do Chomhaltaí Údaráis Áitiúil* a d'fhoilsigh an Coimisiún, chun comhlíonadh toghthóirí a bhíonn i mbun brústocaireachta a éascú. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, www.lobbying.ie.



7. Bronntanais

- 7.1 Foráiltear in Acht 2001 go bhfuil cosc ar chomhairleoir luach saothair, táille, luaíocht nó fabhar ar bith eile a lorg, a éileamh nó a ghlacadh i gcomhair gníomh ar bith a rinneadh nó nach ndearnadh de bhun a oifige nó a oifige. Ní mór do chomhairleoirí agus iad ag cloí leis an bhforáil sin aird a thabhairt ar threoir an Chóid chomh maith.
- 7.2 Is é an t-ábhar imní sáraitheach i ngach cás gur cheart go mbeadh gníomhartha comhairleoirí agus a ndualgais á ndéanamh acu saor ó amhras agus níor cheart go mbeadh siad ina gcúis le coinbhleacht leasa ar bith agus gur cheart go mbeifí ábalta dlúth-ghrinnscrúdú a dhéanamh ar a ndéileálacha le leasanna gnó agus leasanna eile agus baol ar bith go ndéanfaí damáiste do mhuintir an phobail sa rialtas áitiúil a sheachaint.
- 7.3 Faoi réir na gceanglas thuasluaite, ní bheadh cosc ar ghnáthbhronnadh 'bronntanas oifigiúil' nó ar dhearbháin a mhalartú nó a thabhairt mar chuid de phrótacal (i gcás, mar shampla, go nglacadh comhairleoir duine mór le rá ar cuairt, nó go mbeadh sé/sí ina urlabhraí (hurlabhraí) ag comhdháil etc.); ná ní bheadh cosc ar mhíreanna annamha amhail dialanna, féilirí, pinn nó dearbháin annamha eile de luach intreach measartha. Ba cheart gach tairiscint eile bronntanas a dhiúltú, nó dá mbeadh sé sin ina chúis le maslú, ba cheart iad a thabhairt don údarás áitiúil.
- 7.4 Sa chód toghchánach áitiúil leagtar amach na ceanglais shonracha lena rialaítear síntiúis pholaitíochta lena n-áirítear ráiteas bliantúil a thabhairt don údarás áirithe agus toirmeasc ar shíntiúis áirithe a ghlacadh. Ní mór cloí leis na ceanglais sin; is cion é mura ndéantar amhlaidh.

8. Fáilteachas

- 8.1 Ina dteagmhálacha le heagraíochtaí nó daoine lasmuigh, ní mór do chomhairleoirí cúram ar leith a ghlacadh lena chinntiú nach mbeidh tionchar ag glacadh fáilteachais ar bith orthu, agus nach bhféadfaí a mheas le réasún go raibh tionchar aige orthu, agus a bhfeidhmeanna oifigiúla á gcomhlíonadh acu.
- 8.2 Mar sin féin, faoi réir a bhfuil anseo roimhe seo, ní cheart go mbeadh comhairleoirí sa riocht agus a ról oifigiúil á chomhlíonadh acu nach féidir leo glacadh le haon rud a mheasfar mar a bheith ina ghnáthphrótacal agus ina ngnáthchúirtéisí amhail cuireadh chuig imeachtaí cathrach, cultúrtha, spóirt, nasctha nó féiltiúla nó freastal orthu i gcomhréir le socruithe áitiúla prótacail dá leithéid a bheadh ar siúl don údarás lena mbaineann.



9. Na meáin shóisialta agus úsáid threalamh na Comhairle

- 9.1 Sainítear na Meáin Shóisialta mar aon fhóram ar líne, laistigh nó lasmuigh den Chomhairle a úsáidtear chun faisnéis a fhoilsiú ar féidir leis an bpobal nó eagraíochtaí laistigh nó lasmuigh den Chomhairle í a rochtain.
- 9.2 Baineann gníomhaíocht na meán sóisialta le húsáid aon threalamh nó aon gléasanna pearsanta de chuid na Comhairle, e.g. fóin phóca, ríomhairí deisce, ríomhairí glúine nó táibléid, a sholáthraítear do chomhairleoirí nó a ngléasanna féin a úsáidtear chun críche cumarsáide le daoine eile lena n-áirítear comhchomhaltaí, fostaithe nó baill den phobal.
- 9.3 Cloífidh comhairleoirí le Beartas Úsáide Inghlactha Acmhainní Ríomhaireachta agus TF údaráis áitiúil agus cloífidh siad leis na Téarmaí agus Coinníollacha arna léiriú ag an údarás áitiúil agus an oifig á glacadh acu.



9.4 Is é seo a leanas liosta de na samplaí d'úsáid/mhí-úsáid dhoghlaigh:

- Caint nó ábhar atá maslach nó dímheasúil;
- Inneachar ina ndéantar idirdhealú a chur chun cinn, a chothú, nó a bhuanú ar bhonn inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonta, míchumais, aoise, cine, creideamh reiligiúnach nó ballraíocht den Phobal Taistealaithe.
- Inneachar ina bhfuil ábhar gáirsiúil nó naisc le hábhar gáirsiúil;
- Gníomhaíocht neamhdhleathach nó an ghníomhaíocht sin a spreagadh;
- Faisnéis nó inneachar a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do shábháilteacht nó do shlándáil an údaráis áitiúil, fostaithe údaráis áitiúil nó comhairleoir eile;
- Inneachar lena sáraítear leas úinéireachta dlíthiúla páirtí ar bith eile;
- Faisnéis nó tuairim maidir le hábhar atá os comhair na cúirte i láthair na huaire;
- Cuimsiú sonraí pearsanta faoi mar a shainítear faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí;
- Faisnéis íogair a sholáthraítear do chomhairleoir ina ról mar stiúrthóir cuideachta nó ina bhallraíocht nó ballraíocht ar choiste iniúchóireachta údaráis áitiúil nó faisnéis ar bith eile a sholáthraítear faoi rún i gcás go ndéanfaí dochar do thoradh próisis reachtúil dá scaoilfeadh san fhearann poiblí í.

10. RGCS

- 10.1 Ciallaíonn sonraí pearsanta sonraí, cibé acu an gcoinnítear iad go leictreonach nó de lámh, a bhaineann le daoine aonair beo nó is féidir a aithint, ó na sonraí pearsanta nó ó na sonraí i gcomhar le faisnéis eile atá, nó ar dócha go mbeidh sí, i seilbh an rialaitheora sonraí.
- 10.2 Tá gach comhairleoir faoi réir na gceanglas faoin RGCS mar rialaitheoirí sonraí. Ní mór do rialaitheoir a chinntiú go bhfuil sé/sí ábalta a léiriú go bhfuil próiseáil na sonraí pearsanta as a bhfuil sé/sí freagrach i gcomhréir leis an Acht um Chosaint Sonraí 2018 agus go háirithe le fo-alt (1) go (8) d'Alt 71 den Acht.
- 10.3 Ceanglaítear ar chomhairleoirí cloí leis na treoirlínte arna n-eisiúint ag an gCoimisiún Cosanta Sonraí

Treoirlínte maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag Ionadaithe Tofa faoi Alt 40 den Acht um Chosaint Sonraí 2018.

Agus

Nósanna imeachta arna n-eisiúint ar an leibhéal áitiúil ag údarás faoi seach na nIonadaithe Tofa.



11. Gnóthaí pearsanta leis an údarás áitiúil

- 11.1 D'fhéadfadh sé go mbeadh gnóthaí ag comhairleoirí lena n-údarás áitiúil ar an leibhéal pearsanta, mar shampla, mar thionónta, íocóir rátaí nó iarratasóir ar dheontas i gcomhair cead pleanála, etc. Cé gur cheart dóibh, ar ndóigh, na cearta céanna a bheith acu ina ngnóthaí pearsanta is atá ag duine ar bith eile ní cheart dóibh caitheamh fabhrach a lorg.



12. Meas ar acmhainní na Comhairle

- 12.1 Ní mór do chomhairleoir gach cúram réasúnta a thaispeáint le haghaidh mhaoin, acmhainní agus chistí an údaráis áitiúil agus gan iad a úsáid, nó gan cead a thabhairt iad a úsáid, chun críocha neamhúdairithe nó chun críocha neamhoifigiúla. Ní mór dóibh cloí go hiomlán agus i gcónaí leis na rialacha lena rialaítear éilimh agus íocaíochtaí de chineál ar bith a dhéanamh. Áirítear leis sin íocaíocht ionadaíoch, liúntas bliantúil, liúntas Cathaoirligh nó liúntas eile, costais ar fhreastal ar chomhdháil nó costais taistil agus cothaithe eile sa bhaile nó thar lear. Ní mór do chomhairleoirí a chinntiú go sonrach nach ndéanfaidh siad éilimh ó níos mó ná comhlacht amháin maidir leis an neamhláithreacht chéanna ar ghnó oifigiúil.
- 12.2 Ceadaítear le hAcht 2001 údarú chun freastal ar chomhdháil i gcás go bhfuil an chomhairle sásta go bhfuil údar leis sin faoi threoir á ábharthachta don údarás agus don phobal áitiúil agus an chostais agus na dtairbhí is dócha a bheadh ann. Is faoi fhreagracht phearsanta gach duine aonair atá sé a thinreamh nó a tinreamh chuí a chinntiú don fhad tréimhse agus tuairisciú ar ais don chomhairle i gcomhréir le hAcht 2001.



13. Sáruihte

- 13.1 I gcás go dtiocfaidh Cláráitheoir Eitice na Comhairle ar an eolas go bhféadfadh sé gur sháraigh comhairleoir foráil Chuid 15 den Acht Rialtas Áitiúil 2001, is é a dhualgas nó a dualgas é a chur ar aird Phríomhfheidhmeannach nó Chathaoirleach na Comhairle (nó an Príomhfheidhmeannach má bhaineann an t-ábhar leis an gCathaoirleach). Is ábhar é don Phríomhfheidhmeannach agus don Chathaoirleach (nó Príomhfheidhmeannach, de réir mar is cuí) breathnú ar cad é an beart ba cheart a dhéanamh i gcomhréir leis an reachtaíocht. D'fhéadfadh imscrúdú, atreorú chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí nó gearán a dhéanamh ag an gCathaoirleach/Príomhfheidhmeannach leis an gCoimisiún um Chaighdeán a bheith i gceist leis sin.
- 13.2 Déanann an Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí maoirseacht ar na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001, ar an Acht Rialtais Áitiúil 2001 (Cuid 15 Creat le haghaidh na Seirbhíse Rialtais Áitiúil) agus ar an Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015.
- 13.3 Gearáin chuig an gCoimisinéir
Is féidir gearáin a dhéanamh leis an gCoimisiún fúthu seo a leanas:
- Sárú ar na hAchtanna um Eitic nó ar Chuid 15 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 (e.g. mainneachtain leas a nochtadh) nó
 - 'Gníomh sainithe', i.e. gníomh nach dtagann le feidhmiú cuí feidhmeanna oifigiúla
- 13.4 Féadfaidh cúirt aird a thabhairt ar an gCód in imeachtaí ar bith maidir le cion faoi Chuid 15 d'Acht 2001, faoi mar a fhéadfaidh an Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí a dhéanamh chomh maith agus a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige.
- 13.5 Go ginearálta ní bhreithneoidh an Coimisiún um Chaighdeán gearán faoi shárú ar Chuid 15 go dtí nach mbeidh gach réiteach áitiúil iomchuí nár triaileadh fágtha. Ba cheart do ghearánaithe, dá réir sin, an t-ábhar a ardú leis an gCláráitheoir Eitic ar an gcéad dul síos. Mura mbeidh duine sásta le toradh bhreithniú an ábhair i ndiaidh é a atreorú chuig an gCláráitheoir Eitice, féadfaidh sé nó sí gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaighdeán

14. Ginearálta

- 14.1 Ní mór do chomhairleoirí a dhearbú gur léigh siad agus go dtuigeann siad an Cód seo mar chuid dá ndearbhú bliantúil a dhéantar faoi alt 171 d'Acht 2001. Tá sé de dhualgas ar gach comhairleoir, cíbe acu ar toghadh iad nó ar comhthoghadh iad, faoi Acht 2001 aird a thabhairt ar an gCód seo agus a bheith treoraithe leis an gCód seo i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna. Ba cheart go gcuirfeadh prionsabail agus rún an Chóid taca chomh maith faoi iompar comhairleoirí nuair a cheaptar iad i gcomhlachtaí poiblí agus i gcumainn rialtais áitiúil eile.
- 14.2 Ceaptar comhaltaí seachtracha i gcoistí beartas straitéiseach agus i gcoiste éagsúla eile faoi lánrogha an údaráis áitiúil. Agus a ról á gcur i gcrích acu, ba cheart do na daoine sin cloí le forálacha Chuid 15 d'Acht 2001, nuair is ábhartha agus le prionsabail an Chóid seo. Go sonrath, ba cheart dóibh coinbhleacht leasa ar bith a sheachaint agus tá siad faoi réir na gceanglas um nochtadh maidir le leasanna airgid nó leasanna tairbhiúla eile.
- 14.3 Agus réimse agus castacht ghníomhaíocht an rialtais áitiúil á gcur san áireamh, ní féidir déileáil i gcód den sórt seo le gach cás agus gach tarlú a thioctadh chun cinn. Má thagann cásanna eile maidir le coinbhleacht féideartha chun cinn idir leas pearsanta agus poiblí nó má thagann cásanna um iompar amhrasach braite chun cinn, ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag chomhairleoirí déileáil leo i gcomhréir le prionsabail agus rún an Chóid seo.
- 14.4 Ní dhéantar dochar leis an gCód seo do cheanglais reachtúla shonracha a bhfuil feidhm acu maidir le comhairleoirí - amhail na cinn atá leagtha amach in Acht 2001, nó san Acht Toghcháin - agus tá sé sa bhreis ar reachtaíocht ábhartha eile a bhaineann le caighdeáin na hearnála poiblí.
- 14.5 Féadfaidh cúirt aird a thabhairt ar an gCód in imeachtaí ar bith maidir le cion faoi Chuid 15 d'Acht 2001, faoi mar a fhéadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí a dhéanamh chomh maith agus a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige.

- 14.6 Ba cheart do chomhairleoirí aird a thabhairt chomh maith ar threoracha nó ar threoir ábhartha ar bith a eiseodh an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil nó an Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí ó am go chéile.
- 14.7 Ní mór do chomhairleoirí a dhearbhú gur léigh siad agus go dtuigeann siad an Cóid seo. Ba cheart do chomhairleoir a ghabháil orthu féin chomh maith aird a thabhairt ar an gCód seo agus a bheith treoraithe leis i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna.



tithiocht.gov.ie

An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland